

Athbhreithniú
Polasaí ar
Oideachas
Sóisialta, Pearsanta
& Sláinte
Gairmscoil na
bPiarsach, Rosmuc

Baineann an polasaí seo le: scoláirí, tuismitheoirí, foireann teagaisc agus bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin.

Reamhrá: Cabharaíonn Oideachas Sóisialta, Pearsanta & Sláinte le forbairt a dhéanamh ar obair na scoile agus muid ag cur chun cinn sláinte agus dea bhail na scoláirí. Tarlaíonn sé seo i gcomhthéacs forbairt chorraitheach, morálta, spioradálta chomh maith le forbairt intleachtúla, fisiciúla, polaitiúil, creidimh agus chruthaitheach an scoláire.

Tugann OSPS deis ar leith do scoláirí scileanna a fhorbairt chun foghlaim futhú féin agus súil a choinneál amach do dhaoine eile. Tugann an ábhar na scileanna dhóibh chun an chinneadh cheart a dhéanamh maidir lena sláinte, lena saol pearsanta agus forbairt soisialta.

Teastaíonn comhoibriú óna pairíthe eagsúla oideachais chun clár an OSPS a chur i gcríoch go sasúil.

Aidhmeanna:

- Deis a thabhairt do scoláirí scileanna a fhorbairt do féin-chomhlíonadh agus chun maireachtáil mar chuid de phobal.
- Féin-mheas agus féin-mhuinín a fhorbairt.
- Na scileanna a fhorbairt sa scoláire chun an chinneadh cheart a thógáil.
- Deiseanna a chur ar fáil do féin-mhachnamh agus comhrá.
- Cumas fisiciúil, intinne agus leochailleach an scoláire a chur chun cinn.

Leagan amach an chúrsa: tá deich phársa leis an ábhar seo a mhúintear thar threimhse trí bliana le linn an Sraith Sóisearach.

- Slánú
- Féin bhainistiú
- Scileanna cumarsáide
- Sláinte fisiciúil
- Cairdeas
- Oideachas caidrimh agus gnis
- Sláinte chorraitheach
- Tionchar agus Cinneadh
- Mí-usáid substaintí

- Sábhailteacht phearsanta

Glacadh páirt/ábhar leochailleach/Rúndacht:

- **Glacadh páirt:** Is cuid lárnach den Sraith Shóisearach an ábhar seo. Mar chuid den chlár, déanfar plé ar chúrsaí chaidrimh agus gnis. Níl aon riachtanas ar aon tuismitheoir go mbeadh a mhac/iníon rannpháirteach san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta. Más toil leis na tuistí a bpáistí a bheith as láthair agus ábhair ar leith á bplé, beidh orthu é sin a chur in iúl don Phríomhoide i scríbhinn agus maoirseacht a chur ar fáil dá bpáistí i rith na gceachtanna sin. Ní ghlacann an scoil freagracht as ucht aon eolas a roinneann na scoláirí eile leis an scoláire úd óna ranganna sin.
- **Ábhar leochailleach:** cé go n-adhmaíonn an scoil go bhfuil freagracht orainn Oideachas Sóisialta, Pearsanta & Sláinte a mhúineadh, tabharfar aird ar riachtanais an scoláire ar bhealach tuisceanach. Más gá cuirfear scoláire faoi bhráid na seirbhísí eile ar scoil ar nós mar shampla an Choiste Treadchuram i gcóir cúnamh bhreise. Leagfar bunrialacha síos sa rang agus ní dhireofar isteach ar scoláire nó múinteoir ar leith. Ní fhreagóidh múinteoir nó scoláire ceisteanna mí-oiriúnach.

Rúndacht: Is é polasaí na scoile é go gcaithfidh múinteoir dul i gcomhairle láithreach leis an bPríomhoide nó leis an gComhairleoir Treorach má mheastar gur amhlaidh go bhfuil dalta i mbaol mí-úsáide de chineál ar bith nó ag sárú an dlí.

Tá an méid seo leanas ina pholasaí scoile chomh maith:

- a) ná gealladh múinteoirí rúndacht gan choinníoll;
- b) bíodh a fhios ag na daltaí go bhféadfaí eachtra ar bith a chur in iúl don bPríomhoide nó do thuismitheoirí, b'fhéidir, má chineann an Príomhoide go bhfuil sé chun leasa an dalta é a chur in iúl do thuismitheoirí;
- c) baineadh múinteoirí feidhm as a mbreithiúnas proifisiúnta chun a chinneadh ar chóir an rún a choinneáil tar eis dóibh an t-eolas a chloisint.

Modhanna múinteoireachta: De bharr go bhfuil an clár go bunúsach bunáithe ar fhobairt scileanna, beidh béim sa rang ar chomhrá, féin-mhachnamh agus rannpháirtíocht na scoláirí. Nóta: Cuirfear múinteoirí OSPS ar chúrsaí

inséirbhíse nuair is gá chun iad a choinneál suas chun dáta ar fhobairt an chlár ospe.

Aoi-chuaiteoirí: Is é polasaí na scoile é gur fearr an chuid is mó den chlár OSPS a phlé go hoscailte le múinteoirí a bhfuil aithne ar na daltaí orthu agus muinín acu as/aisti. Is féidir le cuairteoirí caighdeán an tsoláthair a fheabhsú, áfach, chomh fada agus a úsáidtear iad i dteannta chlár phleanáilte OSPS, ní ina ionad. Ó am go chéile, cuirfidh an scoil aoi-chainteoir ar fáil chun plé a dhéanamh ar thopaic eigin bainteach leis an Oideachas, Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Cuirfear an pholasaí seo faoi bhráid an aoi-chainteoirí agus caithfear cloí le tearmaí an doiciméid céanna. Beidh múinteoir ranga i láthair leis an aoi-chainteoir nuair a bhéas caint ar súil.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2016/17 nó níos tuisce más gá.

Faofa ag bord bainistíochta Ghairmscoil na bPiarsach, Rosmuc ar an.....

Siníthe.....

Cathaoirleach